2026/2042

14.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2042 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2026

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh 'OXTERIL® 350 VHP' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Meán Fómhair 2025 chuir Evonik Operations GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]), ar údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh chéanna, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'OXTERIL® 350 VHP', de chineálacha táirgí 2 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-RG110491-49 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Tagraíodh san iarratas don fhine táirgí bithicídeacha 'Evonik's Hydrogen Peroxide Product Family' arna húdarú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2183 ón gCoimisiún ([3]), leis an uimhir údaraithe EU-0028964-0000.

(2) Is í sárocsaíd hidrigine an tsubstaint ghníomhach atá sa táirge bithicídeach 'OXTERIL® 350 VHP', ar substaint í a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 2 agus 4.

(3) An 29 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi faoi bhráid an Choimisiúin ([4]), i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge ('AST') le haghaidh 'OXTERIL® 350 VHP', i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) Sa tuairim uaithi, tagann an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí atá beartaithe idir an táirge bithicídeach 'OXTERIL® 350 VHP' agus an fhine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Evonik's Hydrogen Peroxide Product Family' ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([5]), agus, ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Evonik's Hydrogen Peroxide Product Family' agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann an táirge bithicídeach 'OXTERIL® 350 VHP' na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'OXTERIL® 350 VHP'.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2183 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Evonik's Hydrogen Peroxide Product Family' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L, 2023/2183, 19.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2183/oj).

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 29 Deireadh Fómhair 2025 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna 'OXTERIL® 350 VHP', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(6) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire ‘Evonik’s Hydrogen Peroxide Product Family’.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0035928-0000 do Evonik Operations GmbH maidir leis an táirge bithicídeach ‘OXTERIL® 350 VHP’ a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 4 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TÁIRGE BITHICÍDEACH

OXTERIL® 350 VHP

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

Uimhir an údaraithe: EU-0035928-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0035928-0000

Caibidil 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	OXTERIL® 350 VHP Amira Hydrogen Peroxide

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Evonik Operations GmbH
	Seoladh	Rellinghauser Straße 1 - 11 45128 Essen DE
Uimhir an údaraithe	EU-0035928-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0035928-0000	
Dáta an údaraithe	04/10/2026	
Dáta éaga an údaraithe	31/10/2033	

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Evonik Antwerpen NV
Seoladh an mhonaróra	Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Antwerpen NV - Site 1 Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg

Ainm an mhonaróra	Evonik Operations GmbH
Seoladh an mhonaróra	Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Operations GmbH - Site 1 Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxid GmbH
Seoladh an mhonaróra	Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxid GmbH Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair

Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Netherlands BV
Seoladh an mhonaróra	Hettenheuvelweg 37 /39 1101 BM Amsterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Netherlands BV - Site 1 Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír

Ainm an mhonaróra	Evonik España y Portugal SA
Seoladh an mhonaróra	Afueras s/n 50784 La Zaida An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik España y Portugal SA C/ Afueras s/n. 50784 La Zaida An Spáinn

Ainm an mhonaróra	abcr GmbH
Seoladh an mhonaróra	Im Schlehert 10 76187 Karlsruhe An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	abcr GmbH Site 1 Im Schlehert 10 76187 Karlsruhe An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Amira Srl
Seoladh an mhonaróra	Via Vecchia Milanese 12 20844 Triuggio (MB) An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Amira Srl Site 1 Via Vecchia Milanese 12 20844 Triuggio (MB) An Iodáil

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Antwerpen NV
Seoladh an mhonaróra	Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Antwerpen NV - Site 1 Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Operations GmbH
Seoladh an mhonaróra	Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Operations GmbH - Site 1 Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxid GmbH
Seoladh an mhonaróra	Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxid GmbH Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Netherlands BV
Seoladh an mhonaróra	Hettenheuvelweg 37 /39 1101 BM Amsterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Netherlands BV - Site 1 Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik España y Portugal SA
Seoladh an mhonaróra	Afueras s/n 50784 La Zaida An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik España y Portugal SA C/ Afueras s/n. 50784 La Zaida An Spáinn

Caibidil 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Active substance	7722-84-1	231-765-0	35 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

SL Tiúchán intuaslagtha

Caibidil 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise	H302: Díobhálach má shlogtar é. H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. H335: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú riospráide. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir.

Ráitis réamhchúraim	P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P270: Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta / éadaí cosanta / cosaint súl / cosaint aghaidhe.. P301+P312: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao ar IONAD NIMHE / dochtúir / lia má bhraitheann tú tinn. P330: Sruthlaítear an béal. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce / gallúnach. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P312: Cuir glao ar IONAD NIMHE / dochtúir / lia má bhraitheann tú tinn. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE / dochtúir. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle liachta. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar gcomhréir le riachtanais áitiúla.. P501: Diúscair coimeádán gcomhréir le riachtanais áitiúla.. P210: Coimeád ó theas, dromchlaí te, splancacha, lasair gan chosaint agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac. P220: Coimeád glan ar éadaí agus ar ábhair indóite eile. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta.

Caibidil 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Díghalrú dromchla trí phróiseas sárocsaíd hidrigine galaithe (VHP)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú dromchlaí tirime agus trealaimh i seomraí ospidéil, saotharlanna agus spásanna iata eile, nach dtagann i dteagmháil le bia agus le beatha.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Galú Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú uathoibrithe le Sárocsaíd Hidrigin Vaporized, a ghintear le cabhair ó ghineadóir VHP. Príomh-shonraíochtaí gineadóra VHP: Prionsabal idirleata: galú, díghalrú le sárocsaíd hidrigine gásach. Toirt an tSeomra: 30 - 150 m^3. Tiúchan an táirge: 3 120 mg/m^3. Bogthaise choibhneasta: 40 - 80 %. Teocht: teocht an tseomra.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ba cheart an táirge agus é réidh le húsáid, a chur i bhfeidhm i dtiúchan sárocsaíd hidrigine de 1 092 mg/m^3 (780 ppm) leis an gineadóir VHP. Ní bhaineann. Airí uainithe: Am teagmhála: 4 uair an chloig ar a laghad Minicíocht: go laethúil / más gá Uasmhéid 3 huaire in aghaidh an lae
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Poileitiléin ard-dlúis (HDPE buidéal 1, 5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar 20m^3

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ullmhaítear an limistéar atá le díghalrú le haghaidh dí-éillithe trí leacht bodhar a bhaint agus trí shalú infheicthe a ghlanadh. Glan an limistéar sula ndéantar é a dhíghalrú. Ba chóir doirse cófra a oscailt, ba chóir dromchlaí a thriomú agus ba chóir limistéir fhliucha (cosúil le doirtil agus babhlaí leithris) a dhíghalrú le táirgí oiriúnacha eile.

Cuireann gairmithe a bhfuil oiliúint speisialta orthu caipín speisialta a bhfuil comhla chun gás a scaoileadh ann mar aon le cónascaire tapa in ionad caipín an embalaxe shéalaithe. Tá an cónascaire tapa ceangailte le píopa a nascann leis an ghineadóir VHP. Séalaigh an spás nó an seomra iata agus déan cinnte go ndiúltaítear rochtain ar an limistéar a cóireáileadh le gal le linn an nós imeachta ar fad.

Toirt an tseomra idir 30 agus 150 m^3.

Is féidir le luas idirleata athrú ó 1.5 suas go 20 g den táirge/nóiméad.

Teocht tosaigh 20°C ± 2°C.

Bogthaise choibhneasta idir 40 agus 80 %.

Le linn na timthrialla díghalrúcháin athraíonn an ghineadóir VHP an tiúchan sárocsaíd hidrigine suas go leibhéil éifeachtacha 1 092 mg/m^3 (780 ppm) agus coimeádann sé ag an leibhéal seo é ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad. Déantar monatóireacht ar thiúchan sárocsaíd hidrigine le linn an díghalrúcháin. Tar éis díghalrúcháin, tá gá le haeráil an limistéir shéalaithe chun an tiúchan sárocsaíd hidrigine a laghdú faoi bhun 1,25 mg / m^3 nó luach tagartha náisiúnta ábhartha níos ísle roimh dul isteach sa limistéar. Is féidir leis an gcéim seo a bheith gasta ach d'fhéadfadh go mairfeadh sé roinnt uaireanta an chloig agus mar thoradh air sin beidh timthriall dí-éillithe iomlán 5 - 8 n-uaire an chloig i gceist.

Déanfaidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíoch i gcónaí ar an díghalrú sna seomraí atá le díghalrú (nó i "seomra caighdeánach" oiriúnach, más infheidhme) leis na gairis atá le húsáid, agus ina dhiaidh sin is féidir prótacal maidir le díghalrú na seomraí seo a dhéanamh agus a úsáidtear é sin dá éis.

Sa chás go bhfuil modhanna ar fáil chun monatóireacht cheimiceach a dhéanamh ar an tsubstaint ghníomhach san aer nó ar dhromchlaí, ba cheart bailíochtú ceimiceach a dhéanamh seachas bailíochtú bitheolaíoch, m.sh. le stiallacha tástála nó le feiste a thomhaiseann sárocsaíd hidrigine ppm san aer.

Nuair a bhaineann sé le "seomra caighdeánach" a bhfuil prótacal ar fáil dó, féadfar an bailíochtú a theorannú do bhailíochtú ceimiceach amháin.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá de réir Chaighdeáin Eorpaigh EN 16321 nó a gcomhionann, éadaí cosanta le haghaidh ceimiceán i réimse na dtáirgí bithicíde, lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a gcomhionann, sciath aghaidhe agus Trealamh Cosanta Riospráide (RPE) (Fachtóir Cosanta Sannta (APF) = 10) le linn meascaithe agus a luchtaithe. Lámhainní agus ábhar clúdaithe le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Féach cuid 6 le haghaidh teidil iomlána na gcaighdeán EN.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Féach cuid 6 le haghaidh na tagartha iomláine do Threoir 98/24/CE ón gComhairle.

Ní cheadaítear rochtain ar an limistéar cóireáilte le linn cóireála. Le linn aeraithe agus sula gceadaítear dul isteach arís sa limistéar cóireáilte ba cheart a sheiceáil go bhfuil an tiúchan sárocsaíd hidrigine níos lú ná 1,25 mg/m³ nó níos lú ná luach tagartha náisiúnta ábhartha, ag baint úsáide as stiallacha tástála mar shampla. Le linn oibriú an ghineadóra VHP nó i gcás mífheidhmeanna, ní féidir dul isteach sa seomra ach amháin má tá culaith chosanta le haghaidh ceimiceán agus RPE (APF=10) á chaitheamh, nuair a bhíonn tiúchan sárocsaíd hidrigine ag 12,5 mg/m³ nó níos ísle. Cloígh leis na treoracha ar an lipéad.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Gan treoracha garchabhrach ná bearta éigeandála a bhaineann go sonrach le húsáid chun an comhshaol a chosaint. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Gan treoracha a bhaineann go sonrach le húsáid chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Gan treoracha stórála agus seilfré an táirge a bhaineann go sonrach le húsáid faoi ghnáthchoinníollacha stórála. Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2.

Díghalrú dromchla trí phróiseas sárocsaíd hidrigine galaithe (VHP)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Dromchlaí tirime i limistéir bhia agus bheatha agus i spásanna iata eile
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Galú Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú uathoibrithe le Sárocsaíd Hidrigin Vaporized, a ghintear le cabhair ó ghineadóir VHP. Príomh-shonraíochtaí gineadóra VHP: Prionsabal idirleata: galú, díghalrú le sárocsaíd hidrigine gásach. Toirt an tSeomra: 30 - 150 m³. Tiúchan an táirge: 3 120 mg/m³.. Bogthaise choibhneasta: 40 – 80 %. Teocht: teocht an tseomra.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ba cheart an táirge agus é réidh le húsáid, a chur i bhfeidhm i dtiúchan sárocsaíd hidrigine de 1 092 mg/m³ (780 ppm) leis an gineadóir VHP. Ní bhaineann. Airí uainithe: Am teagmhála: 4 uair an chloig ar a laghad Minicíocht: go laethúil / más gá Uasmhéid 3 huaire in aghaidh an lae
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE buidéal 1, 5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar 20m³

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ullmhaítear an limistéar atá le díghalrú le haghaidh dí-éillithe trí leacht bodhar a bhaint agus trí shalú infheicthe a ghlanadh. Glan an limistéar sula ndéantar é a dhíghalrú. Ba chóir doirse cófra a oscailt, ba chóir dromchlaí a thriomú agus ba chóir limistéir fhliucha (cosúil le doirtil agus babhlaí leithris) a dhíghalrú le táirgí oiriúnacha eile.

Cuireann gairmithe a bhfuil oiliúint speisialta orthu caipín speisialta a bhfuil comhla chun gás a scaoileadh ann mar aon le cónascaire tapa in ionad caipín an embalaxe shéalaithe. Tá an cónascaire tapa ceangailte le píopa a nascann leis an ghineadóir VHP. Séalaigh an spás nó an seomra iata agus déan cinnte go ndiúltaítear rochtain ar an limistéar a cóireáileadh le gal le linn an nós imeachta ar fad.

Toirt an tseomra idir 30 agus 150 m³.

Is féidir le luas idirleata athrú ó 1.5 suas go 20 g den táirge/nóiméad.

Teocht tosaigh 20°C ± 2°C.

Bogthaise choibhneasta idir 40 agus 80 %.

Le linn na timthrialla díghalrúcháin athraíonn an ghineadóir VHP an tiúchan sárocsaíd hidrigine suas go leibhéil éifeachtacha 1 092 mg/m³ (780 ppm) agus coimeádann sé ag an leibhéal seo é ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad. Déantar monatóireacht ar thiúchan sárocsaíd hidrigine le linn an díghalrúcháin. Tar éis díghalrúcháin, tá gá le haeráil an limistéir shéalaithe chun an tiúchan sárocsaíd hidrigine a laghdú faoi bhun 1,25 mg/m³ nó luach tagartha náisiúnta ábhartha níos ísle roimh dul isteach sa limistéar. Is féidir leis an gcéim seo a bheith gasta ach d'fhéadfadh go mairfeadh sé roinnt uaireanta an chloig agus mar thoradh air sin beidh timthriall dí-éillithe iomlán 5 - 8 n-uaire an chloig i gceist.

Déanfaidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíoch i gcónaí ar an díghalrú sna seomraí atá le díghalrú (nó i "seomra caighdeánach" oiriúnach, más infheidhme) leis na gairis atá le húsáid, agus ina dhiaidh sin is féidir prótacal maidir le díghalrú na seomraí seo a dhéanamh agus a úsáidtear é sin dá éis.

Sa chás go bhfuil modhanna ar fáil chun monatóireacht cheimiceach a dhéanamh ar an tsubstaint ghníomhach san aer nó ar dhromchlaí, ba cheart bailíochtú ceimiceach a dhéanamh seachas bailíochtú bitheolaíoch, m.sh. le stiallacha tástála nó le feiste a thomhaiseann sárocsaíd hidrigine ppm san aer. Nuair a bhaineann sé le "seomra caighdeánach" a bhfuil prótacal ar fáil dó, féadfar an bailíochtú a theorannú do bhailíochtú ceimiceach amháin.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá de réir Chaighdeáin Eorpaigh EN 16321 nó a gcomhionann, éadaí cosanta le haghaidh ceimiceán i réimse na dtáirgí bithicíde, lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a gcomhionann, sciath aghaidhe agus Trealamh Cosanta Riospráide (RPE) (Fachtóir Cosanta Sannta (APF) = 10) le linn meascaithe agus a luchtaithe. Lámhainní agus ábhar clúdaithe le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Féach cuid 6 le haghaidh teidil iomlána na gcaighdeán EN.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Féach cuid 6 le haghaidh na tagartha iomláine do Threoir 98/24/CE ón gComhairle.

Ní cheadaítear rochtain ar an limistéar cóireáilte le linn cóireála. Le linn aeraithe agus sula gceadaítear dul isteach arís sa limistéar cóireáilte ba cheart a sheiceáil go bhfuil an tiúchan sárocsaíd hidrigine níos lú ná 1,25 mg/m³ nó níos lú ná luach tagartha náisiúnta ábhartha, ag baint úsáide as stiallacha tástála mar shampla. Le linn oibriú an ghineadóra VHP nó i gcás mífheidhmeanna, ní féidir dul isteach sa seomra ach amháin má tá culaith chosanta le haghaidh ceimiceán agus RPE (APF=10) á chaitheamh, nuair a bhíonn tiúchan sárocsaíd hidrigine ag 12,5 mg/m³ nó níos ísle. Cloígh leis na treoracha ar an lipéad.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Gan treoracha garchabhrach ná bearta éigeandála a bhaineann go sonrach le húsáid chun an comhshaol a chosaint. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Gan treoracha a bhaineann go sonrach le húsáid chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Gan treoracha stórála agus seilfré an táirge a bhaineann go sonrach le húsáid faoi ghnáthchoinníollacha stórála. Féach treoracha ginearálta úsáide.

Caibidil 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach treoracha ar leith maidir le húsáid le haghaidh gach úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Féach bearta sonracha maolaithe riosca maidir le húsáid le haghaidh gach úsáide.

Cloígh leis na treoracha ar an lipéad.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Treoracha garchabhrach

MÁ SHLOGANN TÚ: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá duine nochtaithe in ann slogadh. NÁ spreag urlacan. Cuir glaoch ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Faisnéis do phearsanra /dhochtúir Cúram Sláinte: Bearta tacaíochta saoil a thionscnamh más gá, glaoigh ar IONAD POISON ina dhiaidh sin.

MÁ TÁ SÉ AR CHRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain de na héadaí uile-éillithe agus nigh é sula n-athúsáidtear é. Lean ort ag ní an craiceann le huisce ar feadh 15 nóiméad. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir

MÁ TÁ TÚ I SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain lionsaí tadhaill, má tá sé i láthair agus éasca le déanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glaoch ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Bog go haer úr agus coinnigh ar sos i riocht atá compordach le haghaidh análaithe.

Má tá siomptóim agat: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Mura bhfuil aon siomptóim ort: Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Bearta maidir le scaoileadh de thaisme

Doirteadh mór: Bailigh an táirge i gcoimeádáin oiriúnacha (m.sh. déanta as plaisteach) ag baint úsáide as trealamh cuí (m.sh. caidéal leachtach) lena dhiúscairt. Ná cuir an méid a doirteadh ar ais i gcoimeádáin bhunaidh riamh lena n-athúsáid. Coinnigh amach ó shubstaintí inadhainte agus neamh-chomhoiriúnacha. Sruthlaigh aon iarmhar le neart uisce. Déan ábhar súite a dhiúscairt de réir na rialachán comhshaoil is infheidhme.

Doirteadh beag: Táirge caolaithe le go leor uisce agus sruthlaigh ar shiúl nó ionsú le hábhar leachtach-ceangailteach (m.sh. talamh diatomaceous nó ceanglóir uilíoch). Pioc suas go meicniúil agus a bhailiú i gcoimeádáin oiriúnacha. Glan dromchla éillithe go maith. Pacáil agus lipéadaigh dramhaíl cosúil leis an táirge. Ná dícheangail lipéad ó na coimeádáin seachadta roimh dhiúscairt.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, déan táirge neamhúsáidte agus an pacáistiú a dhiúscairt de réir na riachtanas áitiúil. Is féidir an táirge a shruthlú go séarach cathrach ag brath ar riachtanais áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Comhairle maidir le cosaint i gcoinne tine agus pléasctha:

Stóráil amach ó sholas díreach na gréine agus ó fhoinsí teasa.

Stóráil amach ó fhoinsí adhainte - Ná caith tobac.

Stóráil amach ó shubstaintí inadhainte.

Stóráil amach ó shubstaintí neamh-chomhoiriúnacha.

Stóráil:

Riachtanas teochta 40 °C ar a mhéad le linn stórála agus cosain ar shioc.

Stóráil in áiteanna glana, tirime le haeráil mhaith.

Déan an coimeádán a iompar agus a stóráil ina sheasamh amháin.

Dún an coimeádán go docht i gcónaí tar éis an táirge a bhaint.

Seachain sileadh agus iarmhair an táirge ar na coimeádáin.

Comhairle maidir le gnáthstóráil:

Ná stóráil in éineacht le halcailí, laghdaitheoirí, salainn mhiotalacha (riosca dianscaoilte).

Ná stóráil in éineacht le tuaslagóirí orgánacha (riosca pléasctha).

Seilfré:

24 mí

Caibidil 6. FAISNÉIS EILE

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear sna míreanna ‘Bearta maolaithe a bhaineann go sonrach le húsáid’:

EN 16321 - Cosaint súl agus aghaidhe d’úsáideoirí ceirde

EN 374 – Lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán agus miocrorgánach

Is í an Treoir ón gComhairle dá dtagraítear sna míreann ‘Bearta maolaithe a bhaineann go sonrach le húsáid’ ná: Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch.11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/24/oj).

(1) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.